C/2025/5374

3.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11886 — AAR / AIR FRANCE / XCELLE ASIA JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5374)

1. An 25 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AAR CORP ('AAR', SAM),

— Societe Air France ('Air France', an Fhrainc),

— xCelle Asia JV ('JV', an Téalainn).

Gheobhaidh AAR agus Air France rialú comhpháirteach ar xCelle Asia de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthróir domhanda aeraspáis agus cosanta é AAR a thairgeann réimse seirbhísí agus táirgí eitlíochta, lena n-áirítear cothabháil, deisiú agus ollchóiriú, chomh maith le réitigh slabhra soláthair,

— Bíonn Air France gníomhach sa ghnó iompair paisinéirí agus lasta in éineacht le cothabháil aerloingseoireachta d'aerlínte.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag JV: seirbhísí cothabhála, deisiúcháin agus ollchóirithe a sholáthar le haghaidh naoisilí i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11886 — AAR / AIR FRANCE / XCELLE ASIA JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË